

Gaeltacht

2ú lá Márta 1973

Iml. 1

Uimhir 3

Gach coicís

LUACH óp

Pobalscoil Úr don Fhál Carrach

TÁ SÉ socraithe go deimhin anois go mbeidh pobal-scoil nua ag an Fhál Carrach. Tá na socraithe déanta maidir le tógáil na scoile agus tógfar an Bord Bainistíochta gan mhoill. Seo scéal a chuireann lúchair ar dhaoine, mar le cupla bliain anuas ba dheacair bheith cinnte fá pholasaí na Roinne Oideachais i leith scoltacha iarbhunoideachais sa pharóiste. Léirigh an Roinn nach raibh siad i bhfabhar méadú a dhéanamh ar na scoltacha ach go raibh ar intinn acu na scoltacha seo a dhruid agus ionaid mhóra a chur ina náit.

Bhí trí scoil iar-bhunoideachais san Pharóiste — an Clochar agus an Choláiste ar an Fhál Carrach agus an Ghairm scoil i nGort a' Choirce. Nuair a léirigh an Roinn an polasaí nua a bhí acu chur sé inní ar na múinteoirí a baí ag obair ins na scoltacha seo agus fosta ar na tuismitheoirí go rabh a glann ag treastail ar na scoltacha seo. Bhí an eagla ann nach mbeadh scoil iar-bhunoideachais sa Pharóiste ar chor ar bith.

Tá an scoil nua le bheith suite i mBaile Chonail. Tá os cionn scór acra i limistéar na scoile. Beidh trí pháirc imeartha agus aras gleacaíochta ag dul leis an scoil.

Ins an scoil nua beidh rogha iomlán ábhair ag na mic léinn. Beidh na

daltaí ábalta staidear a dhéanamh ar na h-ábhair sin as a mbainfirh siad an t-éirbhe is mó. Cuirfidh an córas nua deireadh leis an fhaidhb a bhíodh ag tuismitheoirí fé cé acu ab fhearr da glann — an mhéan scoil nó an ghairm scoil.

Beidh an scoil nua fé stiurú bord bainistíochta. Beidh seisear ar an bhord seo. Beidh dhá ionadaí ag an Eaglais ar an bhord, dhá cheann ag an chóiste ghairm oideachais agus dhá cheann ag na tuismitheoirí a bhfuil daltaí acu ar an scoil.

Is mór an gar é do mhuintir na h-áite scoil mar seo a bheith acu. Tá oideachas maith níos tabhachtaí anois na mar bhí ariamh. Tá sé thar a bheith tabhachtach san taobh seo tíre, áit nach bhfuil saothrú ach don bheagán.

AN TOLLTOGHCHAN

GO LUATH TRATHNÓNA INNÉ THOSAIGH TORTHÁI AN TOGH-CHAIN AG TEACHT OS COMHAIR AN PHOBAIL. IS FÍOR A RA ÓN CHAINT A DÉANADH ROIMH RÉ AGUS ÓN MHEAD DAOINE A CHUAIDH AMACH AG BHÓTAIL GO RAIBH SUIM MUSCAILTE IN ACHAN NDUINE.

Seo thíos na torthaí do Chontae Dhún na nGall.

Dún na nGall — Liatrom.

Líon na Bhótaí: 38540
Bhótaí a chaitheadh: 28169
Cóta: 9390

S. Ó Braonáin: F.F. 10,240.
P. Ó Cuinneagáin: F.G. 3,103.
S. De Faoite: F.G. 7,122
P. Delap: F.F. 5,146

C. Uí Mhuirí - Discir: N. Spléach 122
S. Mac Ruairí: S. F. 2,436.
Athoghadh Cormac Ó Breasláin, An Ceann Comhairle gan dul san iomaíocht.

Toghadh: Seosamh Ó Braonáin agus Séamus De Faoite.

DÚN NA nGALL
THOIR — THUaidh

Líon na Bhótaí: 37,371.
Bhótaí a chaitheadh: 28,544.

Cóta: 7,136.
N. Bléine: Neamhspleach 8,368.
B. Boges: F.G. 4,056.
L. Ó Cuinneagáin: F.F. 6,704.
P. Ó nAirt: F.G. 5,480.
S. Ó hAirt: F.F. 1,191.
D. Mac Carráin: Neamhspleach 205
B. Mac Loinsigh: F.F. 2,537.

Toghadh: Niall Bléine, Liam Ó Cuinneagáin, agus Pádraig Ó hAirt.

Ar a bhealach go Cnoc Fola

Griangraf le buiochas o Donnchadh Mac Niallais



EAGARALT

Éire Nua? Cá bhfuil ár dtírial?

Le tamall anuas tá cuid mhór cainte ar "Éire Nua." Nach deas an smaointiú é! cibé caidé tá sé a mhaíomh.

Is cosúil gur éirigh daoine tuirseach den tsean Éirinn seo a bhfuil muid inár gcónaí inti inniu — Éire na fola. Éire an fhoréigin agus Éire an bháis. Éire roinnte. Cuid den tír faoi smacht na Sasana agus cuid eile daoithe "díolta leis na Gallaibh." Éire an Bhéarla. Éire na polaitíochta mí-ionraice.

Nach fada uainn "Oileán na Naomh" — an ré órga sin nuair a bhí an toileán seo ina náisiún iomlán, lena teanga fhéin, i seilbh agus a rialú ag a muintir fhéin agus an chríostaíocht i bhfeidhm mar a ba chóir. An é sin an cineál ruda atá taobh thiar den aisling úr seo "Éire Nua" nó cá bhfuil ár dtírial go fíor?

Caidé an cinéal náisiún úr atá i ndán dúinn má ta an phaganacht ag dul i bhfeidhm ar an tír lá i ndiaidh lae ar an teilifís agus i siopaí leabhar ar fud na tíre. Tá Éire báite gach lá le roinnt milliún páipéar nuaiochta páganacha gallda agus ní thabharann aonduine fá dear is cosúil! Leoga, tá feidhm le "Éire Nua" agus gan mhoill.

Le blianta beaga anuas tá an-dúil 'sna druganna, pornagrafiocht agus coirpeacht ag méadú agus tá cathú a chur roimh an aos óg níos mó ná a bhí ariamh.

Má tá níos mó ná polaitíocht sa cheist, nó má ta ionraiceas ar bith ag baint léithe, tá an tam anois ann le tús a chur leis an Éirinn úr seo. Tá an tam dearg ann deireadh a chur le díol na bpáipéirí páganacha seo. Nach iontach agus nach náireach an rud é gur lig rialtas i ndiaidh rialtais don phaganacht seo an tír a bháithheadh. 'Bé seo gnoithe an Rialtais? Silimse go b'é. Cad chuige go gcaithfidh Éire a bheith i gcónaí céim amháin chun deiridh ar Shasain? nó an riachtanach do mhuintir na hÉireann dhul go hifreann cion's go bhfuil John Bull ar shiúl an bealach sin?

Más cuma linn caidé tá ag tarlúint dár dtír fhéin agus dar muintir fhéin ba cheart smaointiú ar an aos óg agus ar na glúnta atá le theacht. Tá an ceart acu do rud éigin níos fearr ná an phaganacht atá muid a fhágáil mar oidhreacht acu.

NA DUNAIBH

BHÍ BRÓN mór i gceantar Ros Guill nuair a chualadar fá bhás Chassie Ní Ghallchóir as Gléb a tharla go tobann an tseachtain a chuaigh thart. Bhí slua mór ag a tóramh go Seipéal Naomh Eoin Baiste, Carraig Airt agus na dhiaidh sin go Reilig Maobhach. An tAthair Ó Miacháin a bhí i mbun an tsearmanais.

Déantar comhbhrón an phobail lena mic, Seán, Eamon, Mícheal agus Dónal agus a hionacha Anna Marie, agus Caitlín agus a gaolta go léir.

Beidh comórtas fá choinne ceannas an Waltzing ins an halla 'sna Dúnaibh

oíche Dhomhnaigh seo chugainn.

Sí Brid Ní Bhrolcháin a bhain an duais £25 ag an Bhingo i Halla Antoin oíche hAoine. Siad daoine eile a raibh ádh ortha ná: Pádraig Ó Gallchóir, Nóra Ní Ghallchóir, Bean Mhic Giolla Bhríde, Pádraig Ó Laoghóg, Bean Mhic Giolla Chainnigh agus Pádraig Ó Brolcháin a bhain dhá uair.

Tá Monarcha an Bhréidín Láimhfhite Mhic Nuadhait anois faoi lán tseol arís i ndiaidh lagú ins an tion-scaíl sin.

Radharc na Mara

AGUS

Ostan Gaoidoir

Oíche Cheoil i Radharc na Mara 'rith an tSamhraidh

Ostán Gaoidoir foscailte ó Fhéil Pádraig.

TIMIRE LEABHAR

ag teastáil ón Chlub Leabhar

Ní mór togha Ghaeilge bheith ag iarrthóirí. Ba bhuntaiste é taithí díolacháin bheith acu. Tiomáint Riachtanach.

Iocfar tuarastáil, liúntas gluaisteáin agus costas taistil leis an timire.

Braithfidh an tuarastal ar aois agus taithí.

Cuirtear iarratais chuig: An Rúnaí,

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge,

37, Sr. na bhFíiní,

Baile Atha Cliath 2.

roimh 9 Márta, '73

Eigse Uladh '73

i nGaoth Dobhair

Le cupla lá anuas tá daoine as gach áird ag tarraingt ar Ghaoth Dobhair fá choinne Eigse Uladh, '73 atá ag toiseacht anocht (oíche hAoine 2ú Márta.) Beidh trí lá agus trí oíche de'n chuid is fearr de'n cheoil, drámaíocht, léachtannaí Edward Bunting agus an Ceol Gaelach a bhéas mar théama ag an Eigse seo. Faoi stiúru Risteard Mhic Gabhainn as Ollscoil Nua Uladh, tosnaíonn an clár anocht i Radharc an Eargail ag 7.30 p.m. le fáiltiú agus Oscailt Oifigiúil. Ag 8.30 p.m. beidh Léacht leis an Dr. Breandán Ó Buachalla, agus le deireadh a chuir ar an oíche mhór seo, beidh céilí mór ag toiseacht ag 10.30 p.m. Sé "Ceol an Rí" an buion ceoil agus Prionsias Ó Maonaigh O.S. fear an tí.

Ansin amárach, ag toiseacht ag 10.30 a.m. beidh Léacht le Pascal Ó hUallacháin M.A. in Ard Scoil Mhuire. Ag mean lae beidh taispeántas leabhar agus céirníní. Ag 3.00 p.m. beidh Léacht leis an Dr. Tomás Ó Canainn. Beidh saotharlann ceoil a stiúru ag Breandán Breathnach ag 4.15 p.m. Ach ins an Amharclann ar a h-ocht a chlog a bheas achan nduine ag dul leis an dráma cáiliúil "An Siúlóir" le J.B. Keane a fheiceál. Cuirtear deireadh leis an oíche le Siamsaíocht agus Comórtas scríobh amhrán agus ar ndoighe

céilí mór eile le Comhaltas Ceoltoirí. Sé Seosamh Ó Duibhir fear a' tí.

Titeann an cúirtín ar Eigse Uladh '73 san Amharclann Dé Domhnaigh ar 3.00 p.m. le fóram "Oideachas i nGaeltacht Dhún na nGall."

Le clár mar seo is cinnte go mbeidh trácht ar Eigse Uladh '73 ar feadh tamall fada. Seo seans ar ndóigh ag muintir na Gaeltachta an chuid is fearr dá gcuid cúrsaí tradisiúnta a fheiceáil agus bheith páirteach ann.

Níl pingin nó bonn le díol agus mar sin de taraigí i bhur gcéadaí.

Baile na nGalloglach

Dé Domhnaigh a chuaigh thart, bhí Eigse Uladh i mBaile na nGalloglach. Bhí an caighdeán ard ins na comórtasá go léir. Seo toradh na comórtasá:

I gcomórtas buíontaí le ceol máirseáil bhí an buadh ag Scoil Mhín na Bealaigh, Ard an Rátha.

Grúpaí ag ceol leo féin: Clann Uí Dhomhnaill as Doire.

Filíocht aonair feinceapa: Seán Ó Curráin, Coláiste na Croise Naofa, An Fhalcarrach.

Leiriú le rinne: Clochar na Trócaire, Bun Cranncha.

Comórtas ceoil ar an sean nós do chailíní: Mairead Ní Mhaonaigh, Ard Scoil Mhuire, Gaoth Dobhair.

Comórtas ceoil uirlis: Treasa Ní Dhochartaigh, Conmhaigh.

Aithriseoireacht i ngrúpaí: Clochar na Trócaire, Bun Cranncha.

Comórtas don fheadóg stáin: Aine Ní Loingsí, Bun Cranncha.

Grúpaí ag ceol le féintionlacan: Clan Uí Bhaoill as Ailt a' Chorráin atá ar Ceard scoil Loch an Iúir.

Scaits: Clochar Loreto, Leitir Ceanainn. Córa le ceol Eaglasta: Ard Scoil Mhuire, Gaoth Dobhair.

Scéilin canta: Scoil Mhuire, Bun Cranncha.

Ceol uirlis do bhuacaillí Seán Mac Lochlain, Gleann Domhain. Bhain Seán craobh na hÉireann anuraí.

Ceol uirlis do chailíní: Madilein Ní Dhobhdha, Conmhaigh.

Comórtas an Veidhlín: Rita Ní Dhobhdha, Conmhaigh

Aithriseoireacht aonar filíochta: Pádraigín Ní Dhochartaigh, Clochar na Trócaire, Bun Cranncha.

An fheadóg stáin: Mícheál Ó Cearnaigh, Bun Cranncha.

An fheadóg stáin arís: Dearmud Ó hEigeartaigh, Bun Cranncha.

Grúpaí ag ceol leo feintionlacan: Na Fir Bhoilg, Coláiste Naomh Adhamháin.

Córa le ceol Eaglasta: Clochar Loretto Baile na nGalloglach.

Beidh siad seo anois ag dul go Baile Atha Cliath fá choinne Slogadh na hÉireann ar lá Fhéile Pádraig. Ar oíche Luain seo chugainn beidh Timlín Ó Cearnaigh ag déanamh tuairisc speisialta ar an Eigse seo in "Iris an Luan" ar a bhfuil sé mar chathaoirleach.

AILT a' CHORRÁIN

Fá láthair tá an long Finno (1,000 tonna) as an Ioruaidh i gcuán Ailt a' Chorrán i ndiaidh 5,500 bairille scadán goirt a thabhairt ar bord don Fhionlainn. Seo an dara long is mó ariamh a tháinig isteach san chuan seo. Tá sí na suí ar thóin na farraige agus cé go rabh lán mara ann an tseachtain a chuaigh thart, ní rabh sí ard go leor leis an long seo a thógáil as an uisce. De réir na mairnéalaí, b'fhéidir go mbeadh sí annsin go dtí lá Fhéile Pádraig nuair a bhéas iomlán rabharta ar a mbeadh sí ábalta seoladh, ach dhéanfar iarraidh eile ar an 5ú lá.

Cheanna, b'éigin do dhá long eile seoladh ar shiúl arís nuair nach rabh siad ábalta fáil isteach san chuan de thairbhe méid an Finno.

Radio na Gaeltachta



DÉ SATHAIRN, 3ú MÁRTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Spóirt. 7.30 Seisiún. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Tuairisc Pearsanta. 8.30 A Ghloria, a Chara. 8.45 An Druma Mór. Urséal cáiliúil Sheosamh Mhic Grianna a bhuaidh Duais an Bhuil'Éirigh a léamh ag Seán Ó Gallchóir ina dhá mhír déag. (Mír a cúig) 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DÉ DOMHNAIGH 4ú MÁRTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Séan Bán Breathnach. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.10 Sa taobh seo den Tír: Sreath léachtaí ó Bhaill Bhord Staidéar Seachtacht Choláiste na h-Ollscoile. Gailimh ar staid na Gaeltachta inniu. 8.30 Spóirt Idirlinn. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DÉ LUAIN, 5ú MÁRTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Pháistí Clár don óige, a chur i latháir ag Aingeal Ní Chonchubhair. 7.30 Irís an Luain Comhrá agus caibidil ar chúrsaí an lae ó Ghaeltachtaí éagsula na tíre chomh maith le dreas ceoil anois agus arís. Anocht piosa speisialta ar Éigse Uladh i mBaile na nGal-lóglach oíche Dhomhnaigh a chuaigh thart, a chur i latháir ag Timlín Ó Cearnaigh. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.30 Séamus Ennis Anseo. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DÉ MAIRT 6ú MÁRTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Togha agus Rogha Rogha na nÉisteoirí a dtogha ag Timlín Ó Cearnaigh, Neasa Ní Chinnéide agus Maidhc P. Ó Conaola. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Cré na Cille Léamh dramatiúil ar leabhair cháiliúil Mháirtín Uí Chadhain ó Aisteoirí Chon-amara. 8.30 Lán a Mhála. Ceol tíre nuabhaillithe. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DÉ CEADAoine 7ú MÁRTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Seal le Scara Brae le Timlín Ó Cearnaigh. 7.30 Iris na Ceadaoine. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Irís na Ceadaoine (Cuid a dó) 8.30 Faidhbanna Gaeilge. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DIARDAOIN 8ú MÁRTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Dibhse a mhná. 7.30 "Sí do Mhamó i. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 An tSeachtain Seo. 8.30 Sa mBruiséal. 8.40 Rogha Gene Martain. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DÉ hAOINE 9ú MÁRTA

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Pháistí. 7.30 Iris na hAoine. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Céad bliain i bParóiste an Fhírtéaraigh. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

Mion-Mhargadh Uí Dhomhnaill

Earraí Grósaera, Milseógra, Crua-Earraí

Bainne Paisteartha Ionadaí do Uachtarlan Dhún na nGall

ANAGAIRE Guthán Anagaire 32

Mánus Mac Grodaí

MÓRDHÍOLTÓIR EARRAÍ GRÓSAERA

An Fálcarrach 20



Machnamh

leis an Athair

S. Mac Fhlionn

Tá sé corradh le cúig bliain is fiche anois ó thuirling mé ó eiteallán i gcathair mhór Seattle - tamall beag ó dheas ón cheanntair tíre ina bhfuil suidheamh leabhair Sheáin Uí hEocaidhe "Rotha Mór an tSaoil. Seachtain ina dhiaidh sin bhí mé ag comóradh torraimh go reilig Chailbhíre faoi scail Mt. Rainier sa chathair cheadhna. "Tá bearad trom ar an Mhucais inniu" arís an guth agus mé ag tabhairt aghaidh ar an áit a' rabh an uaigh. Baineadh gonn asam nó bhí cosamhlacht ann go rabh mé arais sa Ghaelacht. Romhaim amach bhí fear siar go maith i mblianta a rabh mé le cairdeas iontach a dhéanamh leis ina dhiaidh sin. Connallach a bhí ann, i bhfad ó bhaile - an dúchas ann níos treise ná a oilleamhaint - fear uasal a rabh an cultúir agus an teangaidh Ghaelach ag briseadh amach uaidh i dtólamh i gcomhlúadar ar bith ina mbeadh sé. Tá sé ar shlua na marbh anois. Ar dheis Dé go rabh a anam.



An t-anchaí clúiteach Micí Sheáin Néil, J Baoill as Rann na Feirste. Beidh roinnt de chuid scealtaí Mhicí a fhoilsiú againn gan mhoill agus tá muid cinnte go mbeidh a lucht leanúna ag fanacht go cruaigh leo.

Deirteir go mbriseann an dúchas tré shúile an chait ach má smaoinneann muid ar threithe agus duthshraith an dúchais sin anois is minicí as ná ann iad. Tá cúis machnaimh maith againn inár ndúchas - sé sin an rud a gní Éireannach duinn taobh amuigh do rud ar bith eile. Bhí ollamh i Maigh Nuad i m'amsa a dubhairt go minic, go rabh poll inár ngeineamhlach ní dheirfínn go rabh sé ceart ag an am sin ach ar na mallaibh tá lorg na fírinne ann.

San lá atá inniu ann, níl ort ach amharc thart agus tóí tú an dainsear millteanach atá ann go gcaillfí an t-oidhreacht iontach saibhir seo a fuair muid in aisci.

Gabh síos cois na trá agus smaointigh ar na seandaoíní uaisle atá curtha i Machaire Gathláin nó atá a chur ar na mallaibh. Tá saibhreas as cuimse ag dul sa chré agus anamacha uaisle ag dul díreach na Flaitheais. An Creideamh, na paidreacha deasa dúchasacha Gaeilge, an tuigsint daonda, an cheannsacht, an úirísléacht an t-oidhreacht seodach a laghdú muna gcoinnigheann sinne, a dteaghlach, creachán beag thall agus i bhfús de na treithe deasa seo atá acu.

'Se mo thuairimse go bhfuil dlúth - bhaint ag creideamh s'againne, leis an chultúir, an dúchas, agus an teangaidh.

Tóithear domh, má gnítear truailliú ar an dúchas seo go ndéantar ísliú

ar chaighdeán ar gCreidimh - má gheilltear do'n bhrú is dúinn fhéin a hinnstear é. Le theacht an chomh-mhargidh agus ón síl bocht daoine a bhéas leis - thiocfaidh éagsúlacht ar dearcadh agus athrú ar nós, rud b'fhéidir a bheadh maith má bhíonn muid ábalta é a lámhseal gan briseadh ar ár ndúchas agus ar gcultúir féin - Smaointigh - níl uasal nó íseal ann - níl tú ach thuas seal agus thíos seal, ach thuas na thíos, soir na siar - coinnigh leis an cultúir agus an dúchas agus bí do mhaistear ar do theach fhéin.

"The people of Gweedore are partial to their families and dislike sending their children from them: They are sociable, droll, friendly and neighbourly where their interests will not suffer but they are at the same time jealous of each other, avaricious and fond of making a very hard bargain.

They are great talkers, as turf is plentiful they sit up half the night talking and telling stories. They are, however, a quiet inoffensive race when not interfered with, naturally civil and kind in their manner, and they can be brave too, where humanity demands them to be so."


Captain Hill (1880)

Nach maith agus na mór an geifear go bhfuil lorg na fírinne ar seo sa bhliain 1973.

Anagaire

Tá banna ceoil na scoile ar a ndích-eall ag cleachtadh agus ag déanamh réidh fá choinne Lá Fhéil' Pádraig. Is é Pádraig Ó Baoill O.S. atá i mbun an bhanna ceoil. Tá scéim coigiltis na scoile ag dul ar aghaidh fé lán tseoil agus na páistí ar bís ag súil go mbainfidh siad duais i mblíana 'san Chomórtas Náisiúnta Coigiltis Scoile. Tá na cailíní ar bís fosta ag fanacht ar thoradh an Chomórtais Cniotála Bun-scoile I mbun an ábhair seo tá Máire Bean Uí Dhónaill O.S., Treasa Bean Uí Gallchóir O.S. agus Nuala Bean Mhic Giolla Chumhaill O.S. Tá fuireann na scoile an-bhuíoch do chumann na dtuisimeoirí a bhronn scáileán scannán, scannáin agus sleamhnáin ar an scoil ar na mallaibh. Cuireann páistí na scoile a ndéa-ghuá ag Uinsíonn Ó Dónaill agus Seánín Nic Ruairí atá san otharlann, nara fada go raibh siad ar scoil arís.

Na Dúnaibh. An áit a dtíg na céadtaí at laetha saoire achan bhliain. Tá Trá Mór seacht míle ar fhad agus is furast a fheiceal cad chuige a mbíonn siad meallta chuige.



Oireachtas

Tá an clár réidh do na comórtas oireachtais don bhliain seo. Tá ionad úr ag an Fhéile i mblíana, mar atá Ostán Burlington, i mBaile Atha Cliath Beidh an Fhéile a reachtáil ón 19ú go dtí an 27ú Deireadh Fómhair.

Ar an chlár do'n chéad uair tá comórtas don aos óg, cúig chomórtas san iomlán. Tá súil againn go gcuirfidh aos óg na Gaeltachta isteach ar na comórtas seo agus go mbeidh spreag ar fáil 'sna scoltacha acu.

Beidh duais ann fosta d'aiste atá foilsithe cheana. Beidh fáilte mhór ag daoine roimh an chomórtas do amhránaíocht ar an tsean-nós do dhaoine nach de bhunadh na Gaeltachta iad.

Glacfar le hiarratais go dtí an chéad lá de mhí Mheán an tSamhraidh agus is féidir an clár a fháil ar chúig phin-sín ó Chonradh Na Gaeilge, 6 Sráid Fhearcair, Baile Atha Cliath 2.

Is beag duine as Tír Chonaill a chuireann isteach ar chomórtas liteartha an Oireachtas. Tá súil againn go speisialta nach ligfidh an taos óg a leas ar gcúl agus go dtiocfaidh na scríbhinní uatha ina gcéadtaí.

Thiar i nGleann Ceo

le Tadhg Ó Rabhartaigh

AR LEANSTAN

Tharla Triona Nic Giolla Dé ag coimhead an ruda a thar agus í ina seasamh ina doras féin. Chonaic sí an deireadh tobann a tháinig ar chaitheamh an tsneachta, agus charbh fhada ina dhiaidh sin go bhfaca sí Feargal agus Peadar agus Úna ag tarraingt uirthi i measc na bpáistí eile a bhí ag teacht an bóthar. Bhí na gasúir ar obair ag caitheamh an tsneachta arís. Bhí na girseacha ag deifriú leo chun tosaigh, agus iad ina mbaicle leo féin; uilig ach Úna. I measc na ngasúr a bhí sise, agus gan aon ghasúr ann ab iomlataí ná í féin. B'ise a bhain an taim as ceann theach Eoin an Droichid nuair a fuair sí a aire go hiomlán ar na gasúir. Girseach bheag dheich mbliana a bhí inti, agus bhíothas ag maíomh nach mbeadh a leithéid fá Ghleann Ceo le scéimh, nuair a thioctadh ann di. Bhí casdlaoithe ciardhubha ag titim fána pluca agus fá chlár a héadair. Bhí a súile lán diabhláochta. Bhí sí chomh beoga le heasóg, agus chomh cruadhéanta le lacha fhiáin. B'aobhinn leat a bheith ag amharc uirthi, agus a bheith ag éisteacht lena gáire. Ach dá bhfaighfeá an aithne cheart uirthi, déarfá gur girseach bheag a bhí inti a raibh cleachtadh aici ar bharráocht dá dóigh féin; an rud ab fhíor. Óir, idir a máthair mhór agus a hathair mór, rinne an bheirt peata di ó bhí sí ina naíonán. Mar atá inste cheana féin agam, fuair a máthair bás an oíche a rugadh an créatúr; agus d'fhág sin an seanphéire sa dóigh léi nár mhaith d'aon duine sa teach amharc fiata a thabhairt uirthi, chan é amháin féacháil le méar a leagan uirthi.

Chomhhead Triona í ag tarraingt uirthi anuas ón bhealach mhór. Bhí a hanáil i mbarr a goib léi agus a pluca beaga chomh dearg leis an dá úll ba dheirge riamh in abhaill. Bhí a lámha thiar ar chúl a cinn aici, agus í ag teacht chun tosaigh go hiontach soineanta i gcuma. B'éigean do Thriona gáire a dhéanamh fúithi, óir bhí a fhios aici go raibh dhá mheall sneachta sa dá chrág bheaga aici, ar chúl a cinn. D'fhan sí go dtáinig Úna fá fhad urchair di, agus ansin theann sí ar a cúl sa doras. Rinneadh smionagar de mheall an tsneachta ar an ursain. Rith Peadar anuas leis an fhuinneog agus chrom sé ag leac an dorais lena bhróga a ghlanadh leis an scuab bheithe a bhíodh i dtólamh fán tsráid. Nuair a fuair Úna crom é, chuir sí lán a doirn de shneachta síos faoi mhúineál a chasóige, agus siúd í de léim ar chúl a máthair móire sa chluid.

"Maise, crochadh ard lá gaoithe ort, a shíogaí bhig a bhfuil cruit an chrochadóra thuas ort!" arsa Peadar, agus é ag glanadh an tsneachta de féin. "Fan go bhfaighe mise amuigh thú, a phréacháin dhuibh."

Tháinig sé le rúide aníos an t-urlár, ach ní dhearna Úna ach gáire faoi. Bhí sí slán sábháilte san áit a raibh sí; agus bhí a fhios aici, ar scor ar bith, nach raibh sé dáiríre fá leath dár dhúirt sé. Gasúr cruadhéanta dubh a bhí ann, corradh le trí bliana déag d'aois. Bhí sé dubhrosnach, fosta, agus a chuid gruaige catach dlúth.

D'fhág Triona losaid phrátaí ina suí ar bhéal pota amach os coinne na tine agus shuigh Peadar isteach chuici ar stól. Bhain sé na craicne de na prátaí lena mhéara agus thom sé iad i bpláta bheag bainne a raibh salann ann. Scadán caoch a thugtaí ar an anlann áirithe sin fá Ghleann Ceo. Bhaineadh sé lán a bhéil idir amanna as muga bláiche a bhí os a choinne. Bhí an tseanbhean ag baint na gceiceann de phrátaí rósta a bhí ar an bhac aici d'Úna.

Tháinig Feargal isteach. Bhí seisean amuigh is istigh ar chúig bliana déag, agus é ina ghasúr mhórchnámhach dá aois. De réir chuma, bhí sé ag gabháil a bheith ina fhear mhór lúfar cosúil lena athair mór; agus bhí gnúis thírúil an athar mhóir air, fosta. Bhí sé donn sa ghruaig, cosúil le Triona; agus ní raibh sé éagosúil léi ina chuid dóigheanna ach oiread.

"Cá bhfuil m'athair mór?" ar seisean, agus é ag tarraingt a stóil isteach chun na losaide.

"Ó, maise," arsa an tseanbhean, "d'imigh sé síos ansin go bun an ghleanna; agus is beag dá bharr a bheith ag an duine bhocht nuair a bheith sé ar ais arís. Faraor géar, is beag a shíl mé go bhfeicfinn an lá a mbeadh Conchúr Mór Mac Giolla Dé ag gabháil ar a ghlúine chuig pór an chrochadóra."

Sháith sí an bior isteach sa ghráta agus chuir sí ceo drithleog suas an simléar. Bean mhór, thoirteach a bhí inti, fán aois chéanna lena fear. Bhí an mhín agus an garbh ag siúl le chéile ina nádúr. Bhí bród an Ghaeil inti go tréan; agus ar chúl an iomláin, bhí croí fial aici. Gráinne Rua a bheirtí uirthi; cé gur ghéar an tsúil a tifeadh ribe rua ina ceann an tráth seo dá saol. Bhí sáspan dubh an tae ar an tine aici.

"A Thriona," ar sise, "déan ceapairí beaga aráin choirce, a chroí, agus tabhair lán ár mbéil dúinn uilig, i gcúl ár

ndoirn, thart anseo fán tine. Go n-amharca Dia ar an tseandúine bhocht atá amuigh, tráthnóna mar seo. Tá nimh air."

"An dtáinig litir eile ó Mhac Alastair inniu?" arsa Feargal.

"Tháinig," arsa an tseanbhean. "Go dtuga Dia maithiúnas dó as a leithéid de scéala a chur chuig na daoine, laetha na Nollag thall! Ach, ar ndóigh, ba dhoiligh bheith ag dúil lena athrach ó aon duine dá dhream. An fear ar chroch a athair mór deichniúr créatúr, ba dhoiligh a bheith ag dúil leis an dea-rud uaidh."

"Cén áit ar chroch sé iad, a Mhóraí?" arsa Úna.

"Tá an crann darach ansin go fóill ar Inis Colmán," arsa an tseanbhean. "Bliain na bhFrancach a tharla sé. Bhí sé siúd ina chaipín ar na Yeomen bhradacha. Go ndéana an Rí a mhaith ar m'athair mór, is iomaí uair a chuala mé é ag inse an scéil. Bhí an duine bocht bliain agus céad nuair a fuair sé bás. Bhí mise deich mbliana agus fiche, an bhliain a cuireadh é, agus mé pósta anseo. Chuala mé é ag rá go raibh sé ina fhear dhíomhaoin, agus é corradh le deich mbliana is fiche, bliain na bhFrancach. Is iomaí uair a chuala mé é ag inse fán mhaidin ghréine sin in aimsir bhaint an choirce, nuair a mhúscaíl gunnaí móra na bhFrancach gach aon duine i nGleann Ceo. Tháinig siad an bealach mór as Droim Caorthainn agus iad ag troid i rith an ama leis na Sasanaigh a bhí ag teacht sna sala acu. Chaith siad páirt mhaith den lá fá bhruach Loch Eala, agus chuir siad teachtairí aníos an gleann ag iarraidh fear a chuideodh leo na Sasanaigh a dhíbirt as Éirinn. Chuaigh deichniúr de chuid fear Ghleann Ceo leo agus bhí m'athair mór ar dhuine den deichniúr sin. Thug siad píce dó, agus bhí sé leo go Baile na Muc. Níorbh fhurasta tabhairt ar an duine bhocht cuntas a thabhairt ar an ár a chonaic sé, lá Bhaile na Muc. Chan é an cath a chreathnaigh é, deireadh sé, ach an ainíde a tugadh do na Gaeil i ndiaidh an chatha. Bhain sé féin agus fir Ghleann Ceo as amach lena n-anam. Rugadh ar bheirt acu i ndiaidh a bheith i bhfolach i gcuibhreann coirce ar feadh dhá lá, agus crochadh iad i gCara Droma Rúisc. Mhair m'athair mór ar a sheachnadh, an duine bocht, go bhfuair sé imeacht as an tír, faoi choim. Phill sé ar ais ar an bhaile nuair a bhí deireadh thart."

"Agus cad é fá na fir a ndearna athair mór Mhic Alastair a gcrochadh, a Mhóraí?" arsa Úna, agus ceann dá cuid casdlaoithe ciardhubha á chuimilt aici anonn is anall ar a smigead.

"Ó, tá, a rún, gur rug Mac Alastair bradach orthu, é féin is a chuid Yeomen. Bhí cúigear de chuid fear an ghleanna seo ina measc, cúigear den mhuintir a bhí le m'athair mór go Baile na Muc. Rugadh orthu thall is abhus, agus iad ag iarraidh a bheith ag pilleadh chun an bhaile, faoi choim, as Baile na Muc. Thug sé isteach chun an oileáin iad; agus, Dia ár gcumhdach, thug sé féin is a chuid Yeomen íde léanmhar dóibh sular chroch siad iad. Tá an crann ansin go fóill ar chúl an oileáin—crann darach, agus gan aon snáithe duilliúir air aon lá sa bhliain. Sin anois agaibh pór Mhic Alastair."

D'éirigh sí ina seasamh agus shiúil sí go spadánta go dtí an doras. Bhí lán an dorais inti.

"Dia ár gcumhdach," ar sise; "rachaidh an fuacht léanmhar sin go croí sa tseandúine bhocht atá amuigh ann. Is iomaí lá crua a d'oibir sé riamh do Mhac Alastair, agus is náireach an bhail atá anois ar an duine bhocht i ndeireadh a shaoil is a laetha. Ar shiúl oíche shneachta ag féacháil an bhfágfaidh Mac Alastair ina áras bheag é, Oíche Nollag thall! Beagán airde a bhéarfaidh an diúlach sin air, ina shuí go sómasach ina chathaoir bhog. Is maith atá a fhios agamsa nach n-éistean sé le leithscéal ar bith. Cibé mar bhí sé go dtí gur cuireadh an *Land League* ar bun anseo, tá sé ina dhiabhal shaolta ó shin. Ní thug sé lá spáis d'aon duine fán ghleann seo ón lá sin go dtí an lá inniu."

"Nach iontach nár cuireadh cos i bpoll leis an chrochadóir in aimsir an *Land League*," arsa Feargal, agus é crom isteach os cionn na tine á théamh féin. Bhí Peadar ina shuí ar bhac amháin agus Úna ar an bhac eile. Bhí Triona ag cniotáil léi ar a dícheall ag an fhuinneog.

"Cos i bpoll, an ea?" arsa an tseanbhean. "Muire, maise, níor cuireadh! Bhí bunús chuid fear an ghleanna sa *League* agus iad ag brath múineadh a chur ar Mhac Alastair ach, mhaige, maise, gurbh é Mac Alastair a chuir an múineadh orthusan. Ní dhearna sé a dhath ach an mianach sin thall a dhruidim; agus foscladh ní dhéanfadh sé air go gcuirfí deireadh leis an *League* fán ghleann. Fágadh fir an ghleanna

Tuilleadh i gceann coicise

Tá an leabhar le fáil ó Fhoilseacháin an Rialtais. An Stuaara, Ard Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath. Luach 65p fríd an phost.

Tionscal úr do Ghaoth Dobhair

Tá lúchair mhór ar mhuintir Ghaoth Dobhair cluinsteán go bhfuil Tionscal úr le dhul i mbun oibre ar an Eastát Tionscálaíochta sna Doirí Beaga. Gaeltarra Éireann a thug seo le fios tá goirid ó shin. Comhlacht ó Wenden san Iar-Ghearmáin. Diathetm Teoranta atá i gceist. Dhéanfaidh siad teasairí fá choinne teas lárach. Beidh obair ann do thrí scór i ndiaidh bliana agus méadóidh seo go céad fiche ocht taobh istigh de thrí bliana. Tugtar le fios gur céad fiche líon na bhfear a bheith ag obair ann agus go mbeidh ochtar ban ar an fhoireann. Tá seo ar cheann de na Tionscáil is mó a fógraíodh go fóill. Is ábhar dóchais an nuacht seo.

Dúirt an Dochtúir Pádraig Delap in óráid a thug sé ar Raidió na Gaeltachta mar chuid dá fheachtas toghchánaíochta go bhfuil tionscál úr géallta do Ghaoth Dobhair go ceann deich mbliana, ceann in aghaidh na bliana.

Tá dhá mhonarchan ag obair ar an Eastát sna Doirí Beaga san am i láthair, mar atá, G.T. Carpets Teo. agus Europlast Teo. Lena chois sin tá Ionad Oilíúna ag Anco. Táthar ag súil go mbeadh monarcha eile ar obair i mí an Aibreáin.

Léarscáil de Ghaoth Dobhair

Thug scaifte a bheireann "Mapaí" orthu féin léarscáil de Ghaoth Dobhair amach ar na mallaibh. Tá an mapa seo bunaithe ar an tSuirbhéireacht Ordanáis agus cead an Rialtais acu chuige. Tá na bailte fearainn le feiceáil air agus na bealtaí móra fosta.

Fá choinne tuilleadh eolais ba chóir scríobh chuig: "Mapaí," "Cill Dara," Bóthar Chluain Saileach, Baile Bhlainseir. Contae Bhaile Átha Cliath.

Má tá . . .
SCÉALTAÍ GRINN agat, cuir chugainn iad. Bronnfar 50p ar an scéal is fearr ar gach eagrán de "Ghaeltacht."

RÁTAÍ "GAELTACHT"

fríd an phost

Ainm,

Seoladh,

.....

.....

£

6 mhí £1.10p

1 bl. £2.20

Rátaí speisialta do ordú mór

"GAELTACHT"

Cló Na Rosan

Gaith Dobhair,

Leitir Ceanainn,

Tír Chonail.

Réamhscrúdú na Cásca

Obair Snáthaide

Tá cúpla comhairle agam le tabhairt do chailíní i Rang Ard Teist a bhfuil sé ar intinn acu scrúdú na Cásca a dhéanamh.

Ar na blianta seo caite, seo na nithe a bhí de dhith: Peann luaidhe, rial, siosúr, méaracán, miosúr, incile bán, cnaipi beaga, smeach-dhúntóirí, snáthadaí uimhir 8, 9 no 10. Snáthadaí reamhra uimhir 5 d'obair chleite. Snáth cadais uimhir 40 nó 50 (dhá dhath) Dhá cheirtlin olna (trí dual) d'obair chleite (dhá dhath) 4 dealagáin agus olainn i gcóir cniotála. Dubhach agus pinn. Páipéar agus uimhir scrúdaithe go soiléar ar dhuilleog chun é a ghreamú do'n chniotáil, ar a chríochnu do'n iarrthóir.

Comhairle fá na nithe seo: Roimh an scrúdú gheobhaidh tú foirm agus an teolas seo thuas air. Amharc go géar air agus léigh go cúramach é ar eagla go mbeadh aon athrú air. Ceann aigh na fearaistí anois. Bí ag obair leo agus cuir aithne orthu.

Rial -Bíodh rial measardha úr agat don scrúdú, ansin beidh sé glan.

Siosúr: Faigh siosúr géar anois. Beidh aithne agat air agus cleachtadh agat ag obair leis.

Incile nó téip bán: Ceannaigh bolta nó snaidhm incile. Bí ag obair leis. Coinnigh píosa glán do'n scrúdú. Tá gnáth téip ceart go leor. Is fearr liomsa téip líneadaí. Tá cuma níos deise air agus tá sé furast a lúbadh nó a fhilleadh. Leath orlach ar leithéad is deise. Cnaipí beaga: Nuair a bhíodh páistí bun scoile faoi scrúdú bhí ortha cnaipí ar leith lín eadaí a chur suas. Anois úsáideann a lán daoine cnaipí beaga bána, cosúil le cnaipe léine fir. Má bhíonn cnaipe mór, caithfidh an poll cnaipe a bheith mór agus tógann sin breis ama.

Snáthadaí: Tá uimhir 10 go deas caol agus bíonn an obair neata agus na greimanna beag, ach muna bhfuil súil gearr agat, is deacair snáth a chur ann. Déanann uimhir 9 obair néata. Níl an poll ró bheag. Is furast snáth a chur in uimhir 8 ach níl sé comh caol mín le uimhir a 9. Is maith an rud an tsnáthaid a bheas agat ag an scrúdú a úsáid go minic anois.

Snáthaidí reamhra uimhir 5 chun cliath a chur. Chonaic mé cailíní ag baint úsáid as snáthadaí beagán níos reimhre agus ag déanamh obair neata leo mar bhí cuid mhaith taithí acu ar obair leo.

Dhá cheirtlin olna le cliath a chur, dhá dhath. Ná bíodh an snáth ró ramhar nó ró gharbh. Má bhíonn dath

bán dhearg agat, bíodh gorm agat, ach is gnáth le cailíní a rogha féin a bheith acu.

4 dealgáin agus olainn: Bí cinnte go mbíonn neart cleachta agat leis na dealgáin nó na bioráin a bhéas leat chuig an scrúdú agus ar an chinéal céanna snáth olna a bhéas tú úsáid.

Má tá snáth caol agat bíodh dealgáin chaola agat.

Snáth ramhar le dealgáin ramhra, ach na bíodh siad ró ramhar. Níl tú ag déanamh sál nó ladhar stoca do Fhionn nó do Oisín.

Dubhach agus pinn: Creidim go bhfuil Biro ceadaithe anois.

An scrúdú féin. De gnáth bíonn sé ann ar an Mháirt i ndiaidh Domhnach Cásca. Ar na blianta atá caite thoisigh sé ar a 10 ar maidin. Trí ceisteanna a bhí le déanamh. Ní rabh aon cheist scríofa ann.

Nuair a bhéas tusa ag scrúdú léigh an páipéar ceisteanna go cúramach ag tús an ama. Coinnigh súil ar ráite mar seo "Iarracht a thabhairt faoi na ceist-eanna uilig."

Páiste ar eadach: Críochnuigh an fhuáil ar leath an phaiste taobh amuigh agus ar an leath céanna taobh istigh. Níl an tiomlán le déanamh.

PÁIPÉAR SAMPLACH Scrúdú Na Cásca, 1967

Obair Snaithaide 100 marc.

3 uaire an chloig don pháipéar seo. Iarracht a thabhairt faoi na ceisteanna go léir.

Ní miste an stampa oifigiúil a ghearradh nó fuáil a dhéanamh air, ach ní foláir an méid de a ghearrtar a chur isteach i gcludach an fhreagarleabhair.

1. Ar an gceailleacó a gheobhaidh tú gearr agus oibrigh oscailt leantach trí orlach ar fad. Fuaigh cnaipe ar an oscailt chríochnaithe sin agus oibrigh poll cnaipe a oireann dó.

Cuir do scrud uimhir go soiléar ar an ábhar. Ní bhfaighidh tú ach píosa amháin den abhar.

2. Gearr píosa cearnach trí orlach go leith as an eadach olla a gheobhaidh tú. Gearr poll beag i bhfuilleach an ábhair agus deisigh an poll sin leis an bpíosa cearnach trí pháiste a chur air. Críochnuigh an fhuáil ar leath amháin den phaiste ar an taobh cheart agus ar an leath céanna den phaiste ar an dtaobh tuathail.

Cuir scrúduimhir air.

3. Oibrigh cliath ar pholl beag sa ghreasán a gheobhaidh tú. Ní mór snathanna dhá dhath a usáid. Greamaigh scrúduimhir air



Naomh Pádraig

Deirtear go raibh roinnt Críostaithe in Éirinn sula dtáinig Naomh Pádraig. Páganai a bhí ins na hÉireannaí an tám sin agus thug siad adhradh do dheithe bréige. Deirtear go raibh ceann acu seo i bhfoirm nathar agus gurbh é an tainm a bhí air ná "athair neimhe." Amach as an fhocal sin a tháinig an focal "nathar" atá in úsáid go dtí an lá inniu. Ba é seo an "nathar" a dhíbir an Naomh amach as Éirinn agus ní hé an cinéal beo ná ní raibh siad ariamh ann sa tír seo.

Ba é a naofacht an treith a ba mhó i Naomh Pádraig. Ba iontach an grá a bhí aige do Dhia agus an drochmheas a bhí aige do rudaí saolta. Rinn sé pionas milltineach pionas a chuirfeadh uafás ar dhaoine i saol sócúlach seo na ficheadú aoise. Ba é a naofacht a thug ionspráid do na daoine Críost a leanstan. Chuaigh an Chríostaíocht i bhfeidhm chomh mór sin ar mhuintir na hÉireann gur cuireadh an tainm "Oileán na Naomh" ar Éirinn. Ó shin go dtí an lá inniu chleacht na daoine an creideamh mar a d'fhoghlaim an Naomh dóibh é agus d'fhág na mílte acu sócúlacht an tsaol chun seirbhís a thabhairt do Chríost.

Nuair a chaill na hÉireannaigh an Ghaeilge briseadh an ceangal ar dhóigh le Naomh Pádraig agus leis na glúnta a chuaigh romhainn agus le cráifeacht tradisiúnta na nGael. Tá na daoine ag tiontú ina Sasanaigh nó ina nIarbreatanaí de réir a chéile i ngan fhios daofa féin is cosúil. An gcaillfidh siad meas ar Naomh Pádraig de réir a chéile - agus ar an chreideamh a d'fhág sé mar oidhreacht againn?

Tá ceacht le foghlaim againn uilig as scéal Naomh Pádraig, agus sé sin go bhfuil feidhm le cráifeacht sa lá inniu.

Tá feidhm le daoine - daoine óga go háirithe atá toilteanach saol naofa a chaitheamh is cuma cén gairm bestha is mian leo a leanstan agus tá feidhm go háirithe le sagairt naofa a leanfadh Pádraig ar bhealach cruai na naofachta. "Tar a ógánaigh naofa agus siúl arís inár measc."

ÉIN na hÉIREANN

CÁG COSDEARG

Seans agus tú ag siul cois trá go bhfaca tú éan dubh a bhí rud beag níos mó na cág ach nach raibh chomh mór le préachán. Amharc go gearr an chéad uair eile a fheiceann tú é agus caidé a bheas le feiceáil? Beidh gob dearg agus cosa dearga air.

Ta an cág cosdearg fairsing go maith cois costa Thír Chonaill. Tá sé le fáil ar chóstaí na hÉireann taobh amuigh de chosta an Oirthir. Tháinig sé anseo ó Shasain agus tá siad buartha thall ansin go bhfuil laghdú ag teacht ar a líon.

Ní thagann an cág cosdearg isteach faoin tír ar chor ar bith. Bíonn sé le feiceáil cois mara i rith na bliana ag eitilt go huabharach. Is sár eitileoir é agus minic go leor casfidh sé ar a dhroim ag eitilt dó.

Tá sé furast an cág cosdearg a aithint ón ghnáthchág. Ag eitilt dó bíonn na méaranna ar sciatháin s' aige níos fusa a fheiceáil na cuid an ghnathchaig. Ar an talamh ar ndoigh tá a ghob agus a chosa dearg agus níl ceann liath air mar atá ar an chág. Baineann sé le clann an phréacháin.

Níonn an cág cosdearg cairdeas le daoine agus tá caoga bliain ó shin bhí ceann i gCill Rónáin, Inis Mór, Árann na Gaillimhe a bhí mór le achan nduine. Ní raibh bád ar bith a tháinig in na cé nach dtug sí cúairt uirthi.

An chéad uair eile a fheicfidh tú iad, caith cúpla bomaite ag coimhead orthu.

M. Ó M.



Do'n Aois Óg . . .



Dia dhíbh a pháistí,

Seo "Gaeltacht" na Féile Pádraig. Tá leathanach na bpáistí méadaithe an iarraidh seo go dtí dhá leathanach.

Gach coicís feasta, tá súil againn go mbeidh éagsúlacht mhaith ann idir scéaltaí, comórtaisí, pictiúir.

agus ar ndóighe Eoinín agus a mhadadh. Coinigí ag scríobh chugainn agus insigí dúinn caidé mbur mbarúil dena scéaltaí srl. Mar a dúirt mé cheana bím i gcónaí iontach sásta nuair a faighim litreacha agus pictiúir uaibh, agus go háirithe véarsaí.

Coinigí ag scríobh. Lá Féile sona díbh.

Slán go fóill,
ó bhur gcara . . .

Andaí.

An Cat agus na Luchógai

Bhí scaifte luchógai beaga ann uair amháin agus bhí siad ina gcónaí sa teach seo. Bhí saol breá acu go ceann tamaill agus gan aon rud ag cur isteach orthu go dtí lá amháin tháinig cat mór dubh a chónaí sa teach ceanna. Bhal sin an rud a chuir fríd a chéile iad! Achan am a gcuirfeadh siad a ngaothsáin bheaga amach ar an pholl bhí an cat mór dubh ansin rompu. Bhí an cat i dtolamh ann - oíche agus lá agus bhí na luchógai beaga bochta stiúgtha leis an ocra.

Tháinig siad le chéile go bhfeicfeadh siad caidé a b'fhearr a dhéanamh leis an chat. Tháinig seanluchóg liath chun tosaigh. "Tá plean agamsa" a dúirt sé "dhéanfaidh muid uilig ionsaí ar an chat i gcuideachta a chéile - agus bainfidh muid uilig greim maith géar aistí. Cuirfidh sin múineadh uirthi" "Ní dhéanfaidh sin maith ar bith" a dúirt cuid acu. "Tá sin ró-chontuirteach" a dúirt cuid eile.

"Tá plean níos fearr ná sin agamsa" a dúirt luchóg bheag amháin. "Níl le déanamh ach clog a chrochadh lena muineál agus achan am a bhogann sí cluinfidh muid í agus beidh fhios againn cá bhfuil sí." "Ionach maith! maith thú!" a dúirt siad uilig as béal le chéile. "Crochfaidh muid clog lena muineál cinnte." "Maise, tá tú iontach cliste a dúirt cuid acu. "Sin plean iontach maith" a dúirt cuid eile. "Ánois nuair tá an cheist sin socraithe" a dúirt an luchóg bheag chliste "cé tá ag dul an chlog a chrochadh lena muineál?" Tháinig tost ar an scaifte "Tú féin!" a dúirt luchóg bheag amháin. "Sea! tú féin" a dúirt siad uilig as béal le chéile. D'éirigh an luchóg chliste dearg san aghaidh. "Níl sin ceart ná cóir!" a dúirt sí "Mise a smaointaigh ar an plean. Caithfidh luchóg eile agaibh dhul amach agus é a dhéanamh." Thosaigh siad uilig ag argail le chéile agus d'éirigh rúille búille milltineach agus ba sin deireadh an chruinnithe.

Tá an cat mór dubh ina cónaí sa teach sin go dtí an lá inniu agus tá ribín deas ceangailte go deismir thart fána muineál ach níl clog ar bith crochta léi!

Buíon Ceoil páistí Ghaoth

Dobhair ag mairseáil ins

na Doirí Beaga.


Éamann Mac Giolla Easpaig

(Aois 12) as Mullach Dubh

ata ar Scoil Anagaire.



Páistí Mháire agus Phádraig Mhic Aoidh. Séamus (8) agus Seán (5) as Mín a' Chláidigh agus Sinéad agus Deirdre Doyle as Baile Átha Cliath. Grianagraf le Colman Doyle.



AN tEARGAL

Is ioma cnoc agus sliabh ar fuaid Éireann,
Ó Chorcaigh go Dún na nGall,
Ach silim féin gur an tEargal an cnoc is deise le fáil,



Tá sí le feiceáil trí mhór chuid Thír Chonaill,
Na seasamh go stáidíúil mór,
Is aoibhinn an radharc í le feiceáil,
Ó ghleantáin ghlas Ghaoth Dobhair.

Eoghain Ó Fearraigh,
Gaoth Dobhair.



Rang ar Scoil an Bhuna Bhig i 1965

Eoinín agus a mhadadh



Balar ar Oileán Thoraigh

le Seán Ó hEochaidh

Bhí sin ann agus is fada ó bhí. Bhí Rí na chónaí i dToraigh fadó shoin ar bh'ainm do Balar agus ba dh-é an rud a thug at cónaí ar an oileán mara seo siocair go dtearnadh tarngaireacht an am amháin nach n-éagfadh sé go brach mur ndéanamh a eo féin a dhunmharbha.

Ní rabh aige ach an nion amháin agus lena sábháil ar chlainn ar bith a bheith aici chuaidh sé go Toraigh agus thóg sé caisleán mór do héin ar an chionn thoir den oileán ar An Tór Mhor. Chuir se dhá réag ban a comhdeach agus chuir sé clog ar 'acm ordlach den chaisleán agus dá mbaineadh neach beo do cheann acu seo thosochadh an t-íomlan a bhuaileadh agus i bhfaiteadh na súil bheadh saighdiúirí Bhalair uilig ar a mbonnaí agus ansin níor bhaol don té a bheadh fán chaisleán na cleiteacha a fháil leis slán. Dálta go leor eile dá chineál shíl Balar nach rabh contúirt ar bith ann go dtabhachadh a eo giorra shaoil dó.

Ins an am chéanna bhí fear 'na chónaí i nDroim na Tineadh faoi 'n Fháil Charrach thoir anseo ar bh'ainm do Gaibhidín - Gabha dubh comh maith agus a bhí sa tír ina lá. Bhí bó ag Gaibhidín a dtugadh siad an Glas Ghaibhleanna uirthi agus bhíodh an bhó seo ar a bleacht seisc comh maith is da mbeadh sí indhiaidh breith. Bhí sí an - tormasach ar fhorrach ach dá bhfágadh sí fear cineail bhithear 'a chur ina leith nach rabh oiread soitheach ins an taobh thoir den pharóiste agus a choinneochadh a bleacht. Ní nach ionadh bhí an bhó seo comh cúramach ag Gaibhidín leis an tsúil a bhí istigh ina chionn agus nuair a scaoileadh sé amach ar an fhéar i ba ghrách leis fhéin a bhuaichilleacht, amach ó mur mbeadh priacail mhór air ag gaibhneoireacht agus dá mbeadh, bhí fear ar leith aige leis an bhuaichilleacht a dhéanamh. Go dearfa duit ba ghrách le seanchaithe a rá gur leas -dheirfiur do fhéin i.

Chualaidh Balar iomrá ar an bhoin seo, agus dar leis gur dhona an mhaise do fhéin é nach rabh bó aige cosúil leithe seo. Chuir se cupla teachtaire go Droim na Tineadh 'soir Ghaibhidin ag deanamh go ndólfadh sé an bhó leis ach ní scarfadh se leithe ar ór na cruinne - ní nach ionadh. Dar leis ansin nach rabh dóigh ar bith eile lena fháil ach amháin a ghoid. Is iomaidh iarraidh a rinne sé sin a dhéanamh ach níor éirí leis.

Bhí bodach mór eile 'na chónaí ar tír mór ins an am chéanna ar bh'ainm do Ceannfhola agus bhí triúe mac aige - Dubh, Donn agus Fionn a b'ainm díofa. Chuir an t-athair 'na chearta iad la amháin le claidhmheacha a fháil déanta ag Gaibhidín.

"Dhéanfaidh mise sin daoibh agus fáilte," arsa Gaibhidin, "ach fhad is bhéas mise ag déanú na gclaidhmheach caithfidh fear agaibh ar a sheal súil a choinneáil ar an Ghlas Ghaibhleanna agus an fear agaibh nach ndéan sin i gceart agus tarlaíonn rud ar bith dí, dhéanfidh mise an fear sin agaibh a dhithcheannadh in áit na mbonn. Tá sin cruaidh go leor, arsa siadsan, "ach dhéanfaidh sinn ár ndécheall."

Chuaidh Dubh amach leis an Ghlas Ghaibhleanna an chéad lá agus rinne sé a bhuaichilleacht go tráthnóna agus thug sé abhaile í slán sabháilte. Rinne Donn mura gcéanna an darna lá. Chuaidh Fionn amach leithe an tríomh maidin agus ní dhéachaidh sé i bhfad ná gearr gur phill sé. Ní rabh Fionn baol ná guais air comh láidir leis an bheirt eile, agus rinne sé dearmad iarraidh ar an ghabha a chlaidheamh -sean a dhéanamh níos éadtroime na cuid a dheartharacha.

Bhí beirt ag Balar a rabh a shúil acu ar an bhoin -Maol agus Mullóg, agus a luathas ar fhag Fionn amharc na bó sciob an bheirt laofa í. Thug siad síos í go traigh Bhaile an Easa agus bhí curach ansin acu, agus thug siad an bhó leofa go Toraigh. Chuir siad i dtír i ansin in áit a dtugtar Port na Glaise air go dtí an lá inniu. Nuair a tharraing Fionn ar an áit ar fhag sé an Ghlas Ghaibhleanna ní rabh a tásca na tuairisc le fáil aige: Rith sé arais innseair Ghaibhidin agus d'innis dá caide mar bhí. "Bhail," arsa Gaibhidín mur rabh an bhó agat anseo roimh thrí lá dhéanfaidh mise do dhith -cheannadh gan ceathru anama na tagall.

D'imigh Fionn ansin ar thuairisc na Glas Gaibhleanna agus nuair a shroichidh sé traigh Bhaile an Easa bhí scaifte fear ansin ag iomáin. Tháinig fear dá rabh ag imirt chuige, fear ar bh'ainm do Giall Dubh agus arsa seisean "Fan ansin go rabh an cluiche thart. Rachaidh mise leat ansin agus mur n'éirí liomsa a fáil duit ní bhfuidh fear bán ar bith í." Nuair a bhí an cluiche imrí, d'imigh an bheirt agus níor stad siad go dteachaidh siad go Míin Lárach. Bhí bád ansin ar an dorlainn agus chur siad an bád 'un farraige agus thug a dtoiseach ar Thoraigh. Ba ghairid a bhí Maol agus Mullóg ansin rompu. "Anois," arsa Giall Dubh le Fionn, tarainn ar Bhalair agus fiafraidh de caidé 'n cháin a reiteochadh an bhó. "Bhail," arsa Balar leis an bhoin a fháil arais caithfidh tú seacht séithe leathair a ithe fhad is bheas orlach de choineall úisc a dóghadh! D'innis Fionn do Ghiall Dubh caidé mar bhí. "Bhail," arsa Giall Dubh, cuirfidh mise orm mo chloca doracha agus rachaidh mé leat agus ní fheicfidh aoineach beo mé agus má theid agat -sa na seithi a ghearradh cuirfidh mise i leataoibh iad, agus silfidh sé gur tusa a d'ith iad.

Bhí go maith agus ní rabh go holc, rinneadh amlaidh agus ar an bhomaite a rabh an choineall caite tháinig Balar i láthair, agus bhí na séithi slogtha ag Fionn má bhíor.

"Tar chugamsa amárach," arsa Balar "agus má chaitheann mo nion adhastas na bó chugat is leat í." Tháinig sé arais innseair Ghiall Dubh ans - "Anois," arsa Giall Dubh, "tógaidh mise liom thú agus fágfaidh mé istigh sa tseomra thú ag nion Bhalair.

Ar an bhomaite bheag a bhfeicfidh sí thú titfidh sí i ngra leat, agus déan mór leithe agus abair leithe adhastar na bó a chaitheamh chugat amárach." An maidin lathar na mhárach thug Balar leis Fionn, agus nuair a thug sé i lathair a nine é chaith sí an t-adhastar chuig Fionn agus nuair a chonnaic Balar sin chuaidh sé ar buile. "Ní tabh neart agam air, a athair," adeir sí, "nach bhfuil fhios agat go bhfuil cor lochtach i láimh achan mhná!"

B'éigean do Bhalair an Ghlas Ghaibhleanna a thabhairt arais d'Fhionn ansin, agus thug sé arais go tír mór i innseair Ghaibhidin. Roimh bhliain ón am sin tháinig Giall Dubh arais innseair Fhionn agus d'íarr sé air (ar Fhionn) a bheith a theacht leis go Toraigh, na da bhfaghadh Balat amach caidé a tharlaigh ar an oileán go gcuirfeadh sé a nion fhéin agus an dá réag ban eile 'un bais. Chuaigh an bheirt go Toraigh an oíche sin, agus nuair a rugadh naoidheanan do achan bhean cuireadh an dá chloigeann déag isteach i mbraithlín, agus cuireadh eo Bhalair i mbraithlín ar leith. Nuair a tharrain Fionn ar an bhád bhí an dá

chloigeann déag cuachta ar a mhuin i mbraithlín agus eo Bhalair i mbraithlín eile ar a bhrollach. Bhí dealg ins an bhraithlín, agus le hiomlaid na farraige chaill an dealg a ghreim agus caiteamh na páisde amach as an bhraithlín ins an farraige. Níor luaithe a bhuaill siad an t-uisce na rinneadh dhá ron déag díofa i n-ait a dtugtar Sruth Deilge air ón lá sin go dtí 'n lá inniu. Tá na paistí cailte," arsa Giall Dubh. "Níl," arsa Fionn, "níl siad uilig cailte ta:eo Bhalair slán sabháilte."

Thug siad an leanbh go tír mór, agus d'éirigh leofa bean ghlún a fháil ansin le n'oileamhaint. Chaitn sí seal leis agus ní rabh bia ar bith dar tugadh do'n leanbh nar tugadh do'ach ní rabh maith ann. Ní rabh ann ach an scinide agus an ranaidhe agus ní rabh sé ag teacht i gcrann a chor ar bith. "Ta sé comh maith againn an leanbh a thabhairt arais go Toraigh," arsa Giall Dubh, na indhiaidh ar saothair. ní thiocfaidh sé i gcrann go deo. Níl rud ar bith ar an tsaol is mó a bhfearr le Balar na coillidh a fheiceail ag fáis ar an oileán. Is minic a chuir sé crainn ar an oileán a dhéanamh go mbfhéidir leis sin a dhéanamh ach d'fheall air i gconaí Abair thusa leis má bheir sé céad don 'a mná an naoidheanan seo a oiliúint nach fada go rabh coillidh ag fáis agatsa ar an oileán. Abair gur cuireadh do bhean ar na mallaibh agus gur mhaith leat dá dtógadh cuid inteacht dena mná an paiste. Abairrochaidh Balar leat ansin gur deacair do bhean ar bith da bhfuil ar an oileán an paiste a thógáil agus gan paiste ar bith ag an bheann acu da gcuid fhéin. Abair thusa leis go bhfuil sé bhuaidh ag an pháiste seo bean ar bith a mbainfidh sé dí go mbeidh dóigh uirthi a thógáil in áit na mbonn. Cuirfidh mise isteach thú i gcuideachta na mban tráthnóna agus innis daofa caidé mar tá. Bhearfaidh tú an paiste don mháthair a chéad uair agus bhearfaidh síse do bhean eile é agus cuirfeadh thart ó bhean go bean e'go bhfaigh an bhean dheirionnach é.

Thug Fionn an paiste do nion Bhalair sular shroichidh a hathair í. Thug síse don bhean a ba neise dí e, agus mar dúirt mé chuaigh sé thart ó bhean go bean gur rug an bhean dheirionnach air agus nuair a bhí sin deanta, ní rabh bean ar bith den dá réag nach rabh abalta an paiste a thógáil agus thoiligh Balar an paiste a fhágáil acu.

Bhí go maith agus ní rabh go holc. Chuir Giall domh na crainn agus ní rabh sé am ar bith go rabh an choillidh ar an oileán a ba deise in Éirinn agus ní rabh an chrann a dtiocfadh a ainmniú nach rabh ag fáis innti. Ba dhe sin mian croidhe Bhalair agus ní rabh an fhear in Éirinn a bh'comh sásta leis ar feadh cupla bliain. Ba grách leis mórán den lá a chaitheamh amuigh a siúl fríd an choill - idh agus ag amharc ar na crainn bhreaghta. Bhí an paiste a ghar mhac a teacht uncinn go breá fásta agus an dá réag ban a thabhairt aire mhaith do agus ba bheag an aois a bhí aige nuair a chuaigh se a shiúl, agus nuair a chuaigh ba ghrách le Fionn a thabhairt leis amach ar ghreim láimhe. Bhí iarraidh acu seo a rabh sé a teacht go tír mór agus caidé a rinne sé ach an paiste a thabhairt leis. Lathar na mhárach d'éirí gaoth mhór agus bhí sí comh tréan agus nar fhág sí an chrann 'na sheasamh i dToraigh. D'aithin Balar go maith ansin gur coillidh dhraoidheachta a bhí sa choillidh agus bhagair sé Fionn agus ar bhain do a ún bais. D'íarr sé ar a chuid searbh - antaí súil a choinneáil ar Fhionn agus nuair a ghabhadh siad é a dhich - cheannadh in áit na mbonn gan ceathru anama na tagall a thabhairt do.

Bhí fhíos ag Giall Dubh go dtarlachadh seo agus d'íarr sé ar Fhionn a bheith faicilleach. Sheachain se á namhaid fada go leor ach fá dheireadh rug siad air gan mhothu lá amháin. Bhí sé an -tugtha don tseilg agus chaithead sé mórán ama sa ruaig ar na cairrfhiadh a bhí san am sin i nGleann Átha comhgarach do Ghort A' Choirce. Bhí coillidh mhór fhada fharrsainn ansin san am agus bhí sí laí deim de achan chineál. Is cosúil go rabh sé ar an chasán an lá seo nach rabh sé eolach air agus rinne siadsan luigheachán a chois an chasáin agus níor mhothaigh sé ariamh gur phreab siad amach as na toir agus rug siad air. Bhí fhios aige nach mbeadh ceathru anama aige le fáil uatha agus in áit sin dhe an rud a d'íarr se orthu an ceann a steall - adh de le an aon bhuille. Bhí cloch mhór gheal san áit a rabh siad agus chuir siad a cheann síos ar an chloich agus rinne siad mar d'íarr sé orthu tharraing fear acu buille da shleagh air agus steall sé an ceann de leis an aon bhuille. Tá an chloch sin le feiceáil thoir faoi 'n Fháil Charrach go dtí n lá inniu. Ba dhe sin an deireadh a bhí ar athair eo Bhalair.

D'éirigh an stócach seo aníos 'na fhear bhreá, agus ba dhe an t-ainm a bhaist siad air Lugh Lamhfhada. Baisteadh Lamhfhada air mar go rabh na sciatháin comh fada air agus go rabh sé abalta cairriallacha a bhróg a cheangal gan cromadh a chor ar bith. Ní rabh fhios ag Lugh gurbh é eo Bhalair é, ach bhí fhios 'un báis agus mhionnaigh sé an chéad aimsear a gheobhadh sé go mbainfeadh sé a chúiteamh astu.

Cupla bliain 'na dhiaidh sin bhí banis ar tír mór, agus ba dhe an grás a bhí ann ag na bainneacha san am sin nach mbriseadh duine ar bith an bia go n-ith - eadh Maol agus Mullóg an chéad gheim. Cá bith a bhain daofa an iarraidh seo bhí siad mall a teacht agus d'éirigh lucht na bainne an mhí fhoighdeach. Bhí Lugh eo Bhalair ag an bhainis agus nuair a b'fhada leis a bhí na fir seo gan a theacht d'éirigh sé na sheasamh agus dúirt se go scoilteadh sé fhéin an bia daofa agus go dtiocfadh leofa tosú a chaitheamh na cuirme.

Seal na dhiaidh sin shiúl Maol agus Mullóg isteach ar an doras agus nuair a choinnic siad go rabh an chuirim ar obair chuaigh siad ar buile agus bhí obair baint futhu siocair go sabthar ag ithe agus

baint futhu siocair go sabthar ag ithe agus ag ól agus gan iadsan i láthair. Ach leis an scéal fhada a dheanamh goirid nuair a bhí a sáithe ite, ólta acu agus 'ach uile dhuine sóghach sáthach dúirt Maol go rachadh an bhrídeog leisean Nuair a chuala síse seo thosaigh sí a ghoil agus a chaoineadh agus bhí a croí a bhriseadh. D'fhiafraigh Lugh caidé a bhí cearr nuair a choinnic sé ag caoineadh í. Hinnsíodh do go rabh Maol agus Mullóg a rialú an tír mór ag Balar agus nuair a phósfaí lanúin óg ar tír mór go rabh sé de cheart ag Maol an bhrídeog a thabhairt leis 'na bhaile an chéad oíche agus ag Mullóg an darna hoíche. "Is mithid deireadh a chur leis an nós sin," arsa Lugh Lamhfhada. Shiúil sé caol díreach 'soir an bheirt agus bhagair sé orthu na bonnaí a bhaint as caol díreach 'na bhaile ar a n-aghaidhe féin.

Ní sásta a bhí Maol agus bhuaill sé air a thabhairt droch theangtha do Lugh. Ní dhearn Lugh ach breith air agus a chur trasna ar a ghlún agus scoilt sé an teanga ina chionn. Ghearr sé poll cruinn in achan cheann de na pluca aige ansin agus chuir sé leath na teangtha amach ar na poill seo ar achan taobh.

Tuillleadh ar leath. 8

Ceist na Scol

Is tráthúil mar tá Oideachas le plé ag Éigse Uladh i mbliana. Tá siúl agam go mbeidh an t Aire Oideachais féin i láthair le ceist amháin a fhreagairt: an bhfuil na nach bhfuil polasaí dearfa ar bith ag an Rialtas don Gael-tacht? mar is deacair a chreidbheal go bhfuil.

Nuair a bunaíodh an Stát seo ní raibh amhras ar bith faoi chuspóir na Roinne Oideachais - an córas oideachais a Ghaelú chomh géar gasta agus thioctadh leo sin a dhéanamh. Táthar á rá anois fiú go raibh an Rialtas ag iarraidh barraíocht a dhéanamh ró-ghasta, seans gur fíor sin, ach bhí siad i ndairíre. Níl fianaise ar bith go bhfuil a gcuid ionadaí an lá atá inniu ann i ndairíre. Na múinteoirí agus na daltaí atá ag iarraidh oibrú trí Ghaeilge nó na tuismitheoirí atá ag cuartú Oideachais Ghaelach da gclainn tá barriúl láidir acu go bhfuil an Roinn ina n-eadán. Creideann cuid acu fiú go bhfuil an Roinn ag iarraidh deireadh a chuir leis an bheagán de scoileanna Gaelacha atá fágtha sa Stát; nach dtugtar spreagadh dóibh teagasc trí Ghaeilge, nach bhfuil go leor teacs-leabhair ar fáil, nach bhfáiltíonn an Roinn anois roimh comhfhreagas i nGaeilge, nach bhfuil go leor múinteoirí a n-oiliunt freastal ar scoileanna Gaelacha, go mbaineann seo le bun scoileanna agus iar bhunscoileanna. Deir siad nach mbeadh Gaelachas ar bith ag baint le scoileanna an Stáit marach dúthracht agus tír ghrá na múinteoirí féin. Nach fada sin ó spiorad 1919 agus laetha tosaí ar saoirse? Tionoladh mór-chruinniú faoi oideachas Gaelach agus Gaeltachta bliain ó shoin i gColáiste Mhaigh Nuad. Tugadh cuireadh don Aire, níor tháinig sé. Níor chuir sé ionadaí ina áit.

Sa Ghaeltacht 's fearr a léirítear an athrú ar mheoin an Rialtais. Is fíor go bhfuil scoileanna iar-bhunoideachas in áiteanna mar an Ceathrú Rua, Carna, Gaoth Dobhair. Ach bíonn ar aos óg Oileán Arainn na Gaillimhe, freastal ar scoileanna Béarla i gcathair na Gaillimhe. Tá scoileanna maithe Gaelacha ins an Bhreac Ghaeltacht sa Mhumhain ach creidim gur beag an spreagadh oifigiúil atá siad a fháil bheith Gaelach. Tá cuid eile acu ar imeall na Gaeltachta gur beag an meas acu ar Ghaeilge na ndaltaí fíor-



Comhghairdeachas le Nial Ó Gallchóir as Ard na gCeapaire, Doirí Beaga, agus Treasa Nic Aoidh as Cotteen Doirí Beaga a posadh tá goirid o shoin. An Canóin Mac Eiteagáin, S.P. a phós an Ianún óg i Seipeal Naomh Mhuire. 'Siad Éibhlin agus Máire Nic Aoidh a sheas leis an bhrídeóg agus Donal Ó Gallchóir a bhí mar uaidhtearacht. Bhí an bhainis in Ostan Glenbeigh agus chaith siad mí na meala ag turasáireacht ar fud na tíre.

Ghaeltachta a thig na scoile leo cionnas nach bhfuil rogha acu ach theacht. Ach níl leisc orthu seo aitheantas a lorg mar scoileanna Gaelacha. Na scoileanna fíor-Ghaelacha atá ann cuirtear achan chonstaic ina gcasán i nainm teoríc atá ag an Roinn anois faoi scoileanna móra, agus tá síor-bhagairt iad a dhruid, ag cur isteach orthu. B'fhearr leis an Roinn, sílim gan iad a bheith ann. Is maith go bhfuil siad ag teacht le chéile anois mar bheartas cosanta.

Tá cuid mhór de Ghaeltacht na h-Eireann i bhfus i dtír Chonail, ach shílfeá nach raibh Gaeltacht ar bith againn an dóigh a bhfuil an Roinn ag obair. Tá scoileanna coimisiúnteacha geallta do cheantracha Gaeltachta (cuid acu) ach tá siad i bhfad thíos ar an liosta na Roinne. Tá fadhbanna de achan chinéal le socrú deir siad. Nuair atá fadhb amháin socruithe tá ceann eile ann dar leis an Roinn

Ach i rith an ama tá na scoileanna úra móra costasacha a dtógail sa Ghaeltacht agus ar imeall na Gaeltachta. 'Bé timpist é seo nó polasaí atá oibríte amach go cúramach ag an Roinn? Ní maith liom bheith mí-charthannach. Má chrúthaíonn an Roinn go cinnte nach fíor é gabhfaidh mé leithscéal go humal. Ach tá fianaise ann os comhair ar súil go bhfuil neamhaird a dtabhairt ar phobal na Gaeltachta, go bhfuil na daltaí a mealladh amach ó chroí-lar na Gaeltachta. Ba mhór an náire é da mbeadh daoine taobh istigh den Ghaeltacht féin ag cuidiú leis an chlaonadh seo cionn's go bhfuil beag-uchtach orthu. Gheobhaimid ár gcearta ach seasamh le chéile. Cuimhnigh ar seo; ní bheadh Stat Éireannach ar bith ann inniu, ní bheadh Roinn Oideachais Éireannach ann ach gur chreid fíor maithe agus mná maithe gur naisiún ar leith muid
Is í an Ghaeltacht croí an naisiúim ar leith sin.

Fionntán Mac Aodha Bhúí


Balar ar Oileán Thoraigh ó leath. 7

Chuir sé ging adhmaid fríd leath na teangtha ansin ar achan taobh agus nuair a bhí sin deánta aige rinne sé an cleas ceánna le Mullog. Tugadh an bheirt síos 'na chladaigh ansin agus chuir Lugh Maol i mbád amháin agus Mullog i mbád eile agus saitheadh amach 'na farraige iad agus cá bith a d'éirigh daofa ní fachtas an amharc orthu ón lár sin go dtí 'n lár inniu ar muir ná ar tír.

Nuair a chualaidh Balar caidé a d'éirigh dá chuid fear mhionnaigh sé dar a rabh thíos agus thuas go mbainfeadh sé 'chúiteamh as an mhuintir a bhí cionntach agus go háirid Lugh Lámhfhada. Mar atá fhios ag an tsaol bhí súil ag Balar i gclár éadain agus bhí seacht seithe leathair i gcónaí ar an tsúil seo agus dá mbaineadh sé an cumhdach seo dithe ní rabh rud ar bith ar an tsaol a n-amharcochadh sé air nach ndeanfadh sé luaith de agus mar sin de bhfiorannamh a nochtadh se í amach o'mur mbeadh dubh fhearg air. Ach bhí se toght an iarraidh seo agus an fhearg air agus d'fhág sé Toraigh agus níor stad sé go dtáinig sé i dtír i mBaile an Easa. Tharraing se ar chearrta Ghaibhidín caol díreach. Choinnic a eo a teacht é agus bhí bior dearg té ón tinidh aige. Níor luaithe a tháinig Balar isteach 'na chearta na thosaigh sé a bhaint an chumhdaigh den tsúil nimhe seo agus nuair a bhí sé seithe tógtha aige agus é ag gabháil a thógáil an seachtú ceann thug Lugh iarraidh air leis an bhior dearg agus shraith sé isteach sa tsúil é agus ó sin amach ní rabh dochar ar bith sa tsúil. Chuaigh Balar ar an daoraidh ar fad ansin agus theich Lugh agus

d'imigh an bheirt sa rasa agus níor stad siad go dteachaidh siad go Dún Luiche. Nuair a chuaigh Balar an fad sin bhí sé chóir a bheith in ndeireadh na peice. Bhí an oige ag Lugh agus ní rabh maith dó a bheith a dreim go mbeafadh sé air. Shuidh sé síos ar cloich a dhéanamh a scríste, agus ansin thosaigh sé a smaointiú agus a mheabhúr ar an am a chuaigh thart agus ar achan rud ar tharla ó ghoid a chuid fear an Ghlas Ghaibhleanna ó Ghaibhidín Gabha. Spreag sé ansin e'gurbh e' seo a eo féin a bhuail an buille fill air -mac a nighne agus Fhionn Mac Ceannfhaola. Ní bheadh fear ar bith eile -sa ach é, arsa seisean leis fhein. Scairt sé ar Lugh ansin. "Bain an ceann díomsa anois, arsa seisean," agus nuair a bhainfeas leag anuas ar mhullach an chinn s' agat fhéin é ar feadh tamaill, agus má ní tú sin beidh eolas an tsaol agat agus ní bhfuightheat do bhuaidh a choiche i gcath na i gcomhrac."

Rinne Lugh a athair mór a dhích-eannadh, ach an ait an ceann a chur ar mhullach an chinn s' aige fhéin leag sé ar mhullach carraige e' a bhí ag a thaobh. Shíl deor amach as an chionn agus cheas luathas agus a bhuail an deor an charraig d'imigh sé 'na scilldreacha, agus lena chois sin rinne sé poll sa talamh a líon lán uisce agus atá ansin le feiceáil go dtí an lár inniu na Loch mhór ag bun an Earagail. Deir an scéal gur chuir Lugh corp Bhalair ins an tsean ehill i nDún Luiche agus gur chaith se fhéin an chuid eile dá shaol na chónaí ar An Dúnán.



Mairéad Ní Mhaonaigh as Cois Cláidigh a bhain Craobh Uladh i mBaile na nGallóglach Dé Domhnaigh a chuaigh thart, ag ceol ar an sean nós. Beidh sí ag dul go Baile Átha Cliath le páirt a ghlacadh i Slógadh na hÉireann ar lá Fhéile Pádraig. Adh mór a Mhairéad.

Fuair Rachel Ní Bhaoid as an Drom Mhór, Carraig Fhinn bás le goirid. Bhí sí tinn le tamall agus chaith sí tréimhse in Otharlann an Chlocháin Léith. Bhí sí os cionn trí scór bliain d'aois. D'fhág an corp an teach ar an Drom Mhór, Dé Sathairn seo caite ag 1.30 p.m. Bhí seirbhís in Eaglais an Bhun Bhig ag leath i ndiaidh a dó agus bhí an tórramh ina dhiaidh chuig an reilig áitiúil. An Déan Seán Watson a bhí i mbun na seirbhíse agus bhí scaifte maith de mhuintir na háite i láthair chomh maith lena daoine muintire as Ard an Rátha.

BHÍ BRÓN mór ar fud Pharóiste Anagaire nuair a chualadar fá bhás Bhríd Ní Ghallchóir as Mullach Dubh a tharla ar an tseachtain a chuaigh thart in Ospidéal Leitir Ceanainn.

Bean shuaimhneach cáirdiúil a bhí innti agus bhí an meas a bhí uirthi le feiceáil leis an slua mór a chuaigh chuig a faire agus a tórramh.

Déantar comhbhrón an phobail lena deirfeár Rebecca agus Síle agus mac a deirfeár Proinsias, comh maith lena daoine muintreach go léir.

h-Adhlacadh í i Reilig Anagaire maidin Dé Luain i ndiaidh Aifreann an Torraimh. An tAthair E. Ó Frighill a bhí i mbun an tsearmanais.

Ar Dheis Dé go rabh a h-anam.

Bhí brón mór ar fud Pharóiste Ghaoth Dobhair nuair a chualadar fá bhás Dhonnchadh Uí Fhearraigh as Bun a' Leaca a tharla Dé Máirt a chuaigh thart agus a cuireadh inné i Reilig Bhun a' Leaca.

An tAthair Eoghan Mac Grianna S.C. a bhí i mbun an tsearmanais.

Déantar comhbhrón an phobail lena dhaoine muinteartha go léir.

Ar na mallaibh fosta chaill Gaoth Dobhair duine dena seandaoine a ba mhacanta nuair a d'éag Dónal Ó Domhnaill as Machaire Clochair.

Bhí slua mór lena thórramh go reilig Machaire Gáthlán, Dé Sathairn a chuaigh thart. Chuig a bhean agus teaghlach téann comhbhrón an phobail.

Dé Máirt a chuaigh thart tharla bás Seán Uí Dhughainn as Carraig an tSeascain. Fear cairdiúil a rabh meas ag óg agus aosta air agus a taispeanadh leis an slua mór a bhí lena thórramh go Reilig Machaire Gáthlán i ndiaidh Aifreann i Seipéal Naomh Mhuire. An tAthair S. Mag Fhlíonn S.C. a bhí i mbun an tsearmanais.

Déantar comhbhrón an phobail lena fear céile Feargal, a h-íonacha Máire Gráinne, Treasa Siobhan agus a mac Dónal agus a daoine muintreach go léir.

Ar Dheis Dé go rabh a h-anam.

Tá an obair ag teacht ar aghaidh go maith ar Scoil Loch an Iúir. Tá an chuid is mó de'n taobh istigh críochnaithe agus tús curtha ar an obair taobh amuigh. Sé Pádraig Ó Dochartaigh Cois Cládaigh atá i mbun na hoibre agus scaifte breá fear ag obair aige. Meastar go mbeidh an scoil a ath-fhoscladh ag deireadh na míosa seo. San am i láthair tá an scoil tí Gearóid Uí Bhaoill.

Sé Seán Ó Domhnaill O.S. atá mar Príomh Oide agus Sorcha Ní Fhearraigh O.S. an mhaistreas.

Tá Coiste Forbartha Loch an Iúir fá láthair ag obair ar bhalla briseadh

Bhí brón mór ar fud na dtrí paróistí nuair a chualadar fá bhás Sheáin Mhic Mhaonghail iar-O.S. as Caiseal, Gort a' Choirce, a tharla tá goirid ó shin.

Bhí sé ar dhuine dena daoine a ba cináiliúla i gcúrsaí gaeilge agus eolas mór aige ar an teanga agus an chultúr mar bhí ag a athair, an múinteoir cáirdiúil Seán Óg Mac Mhaonghail as an Toirr.

Theagasc sé seal i mBaile na nGall-oglach, ach chaith sé an chuid is mó d'á shaol ag teagasc ar an Fhálcarrach áit a raibh sé gur éirí sé as a phost.

Chuig a bhean chéile Anna, a mhic Fionn, Breandán, Ruairí, Peadar, Énna agus Caoimhín, a iníon Nollaig agus a ghaolta go léir déantar comhbhrón.

Chuaigh slua mór chuig a thórramh go Seipeal Críost an Rí, Gort a' Choirce a thaispeann an meas a bhí ag óg agus aosta air. An tAthair A. Mac Cnamhsaí S.P. a bhí i mbun an tsearmanais.

Bhí brón mór ar fud na trí paróistí nuair a chualadar fá bhás Mháire Bean Mhic Aoidh as Loch an Iúir a tharla go tobann tá goirid ó shoin.

Bean bhreá chneasta, mhacanta a bhí innti a bhain cairdeas aosta agus óg agus is iomaí oíche bhreá airneál a caitheadh tí Mháire a bhí i dtollamh lán spóirt.

Bhí slua mór ag a tórramh go Teach Phobail Anagaire a thaispeann an meas a bhí uirthi san Pharóiste.

Sé an tAthair E. Ó Frighill a léigh Aifreann an Torraimh agus a bhí i mbun an tsearmanais ins an reilig na dhiaidh.

Déantar comhbhrón an phobail lena fear céile Feargal, a h-íonacha Máire Gráinne, Treasa Siobhan agus a mac Dónal agus a daoine muintreach go léir.

Ar Dheis Dé go rabh a h-anam.

uisce a thógáil ag an chéidhe ar Loch an Iúir.

Obair iontach chasta agus dainséarach atá acu, ach faoi threorú Dhónail Uí Bhaoill shílfa go mbeadh sé simplí. Is mór an moladh atá tuillte ag an Choiste seo atá ag obair go deonach agus cheana féin tá an chéidhe úr is fearr a chonaic mé ariamh tógtha acu. Seo sampla maith do dhaoine sa Ghaeltacht a mheasann go dtiocfadh leo rud éigin a dhéanadh fána gceantair féin. Má thig siad go Loch an Iúir tceifidh siad caidé thig le Coiste Forbartha bríomhar a dhéanadh.

Tá an Cúirt Liathróid Láimhe ag dul chun cinn go breá fosta faoi choimirce Chumann Óige Loch an Iúir. Tá an bun obair uilig déanta agus tús curtha le tógáil na mballaí. Beidh seomraí gléasta, leithreas agus áiléar ins an chuairt seo agus meastar go mbeidh sé críochnaithe ag deireadh an tSamhraidh agus faoi stiúir Dhónail Uí Bhaoill (G) is dóiche go mbeidh.

Arainn Mhor

AR AN tseachtain a chuaigh thart pósadh Seán Mac Coisteala agus Caitlín Nic Donncha, in Arainn Mhór. Dá thairbhe an fharrage a bheith garbh bhí an lanúin óg fágtha ar an mhór thír le cuplálá, áit a rabh siad ag siopadaracht roimhe a bpósadh, agus bhí siad ag éirí inníoch nuair a bhí an lá mór ag teacht agus gan iomrá ar bith ag an stoirm lagú. Sa deireadh nuair a chuala Seosamh Mac Fhionnlaigh agus Mícheal Rua go mbeadh an lanúin óg fágtha ar an mhór thír chuir siad amach bád agus i gceantair mhílteanach dóibh fhéin chuaigh siad go hAilt a Chorráin agus thug siad Seán agus Caitlín ar ais go hArainn. Sé an Dr. Eoghain Mac Diarmada S.P. a phós iad i Seipéal Naomh Cróin agus bhí an bhainis i nOstán an Ghleanna. Tá lúcháir ar a gcairde go léir go rabh deireadh deas leis an scéal agus cuireann siad a gcomhghairdeas agus deá-ghuá chuca.

Ag an Bhríngó an tseachtain a chuaigh thart, bhain Anna Ní Dhomhnaill trí huair agus Máire Bean Uí Choinne dhá uair. Fosta bhain Síle Ní Bhroin, Séamus Mac Cnáimhsí, Máire 'Anton' Ní Ghallchóir, Bríd Ní Ghrianna, Seosamh Mac Ruaráí, Briain 'Nellie', Eibhlín Nic Suibhne agus Máire Ní Dhufaigh.

SA BHAILE ARÍS

Tá lúcháir mhór ar a chairde go léir i Loch an Iúir go bhfuil Conal Ó Domhnaill, Ard mháistir an Cheard scoil sa bhaile arís as an oispideál a raibh sé ann i mBaile Atha Cliath.

Tá sé go breá arís agus tá súil ag a chomhmuúinteoirí agus páistí na Ceard Scoile nach mbeidh abhfad go mbeidh sé ar ais i mbun a chuid oibre arís.

TORAIÐH AN CRANNCHUIR

Comhghairdeachas le Pádraig Mac Aoidh, Cairpéidí G.T. agus Donnchadh Mac Fhionnlaíoch, Machaire Loisce a bhain £10 an duine ar an chrannchur atá a reachtáil fá choinne an Ionad Caitheamh Aimsire úr atá le tógáil i nGaoth Dobhair. Maireann an crannchur seo fíche seachtain agus don tseachtain dheireannach tá duais gluais-teain úir le baint. Tá cupla áit fágtha san chrannchur seo go fóill agus mar sin de déan deifir agus cuir do ainm isteach — tá gluais-teain le baint!

Bhí an cruinniú i "Radharc an Earagail" Gaoth Dobhair ar an 4ú lá de Feabhra. Léigh an Cathaoirleach Mícheál Mac Giolla Easbuic litir ó Choiste Ghaoth Dobhair a rá gur Paróiste a chur chuig an chruinniú "le mhaith leo léachtaí ón Chomhairle córas ceart ionadaíochta a leagadh amach." Moladh go leanfaí le na socráithe bhí déanta don bhliain seo ach go bhféadfaí tosnú ar an cheist a chioradh fá Mneán Fómhair seo chugainn, mar ullmhú don chruinniú cinn bliana. Bheadh fáilte roimh muintir nGaoth Dobhair. Bhí sé leagtha síos — go mbeadh beirt ó gach paróiste ina raibh Gaeltacht mar ionadaí ar an choiste.

Socráidín go mbeadh clár oibre leagtha amach roimh ré do gach cruinniú. Ba cheart do gach Coiste paróiste liosta de na nithe a ba mharth leo a phlé a chur chuig an Rúnaí, Eamonn Mac Aoidh seant lá roimh an chruinniú.

Frachtadh ar an pháipéar 'Gaeltacht' agus moladh gach cuidiú a thabairt dó.

Moladh litir a chur chuig Bord Iascaireachta Leitir Ceanainn agus Béal Atha Seanaigh ag iarraidh orthu glacadh le toscaireacht ón Choiste fá cheadúnais iascaireachta bradáin. Moladh go rachadh Mícheál Mac Aoidh, Seamus O Fearraí, Aodh Ó Rabhart-aigh ar an toscaireacht.

Beidh an chéad chruinniú eile ar an 4ú Márta ag 3 p.m. in Ostán Radharc an Earagail. Beidh na nithe seo leanas ar an chlár oibre:

- (1) Tithíocht. (2) Coláiste Gaeilge (Fánaid) (3) Iascaireacht na mbradan. (4) Leictreachas. (5) Bóithre. (6) Nithe eile.

Tá súil ag an Choiste go mbeidh scaifte mór i láthair. Máire Nic Ananaigh. P.R.O.

FOSTAÍOCHT SA GHAELTACHT

D'fhoilsigh Gaeltarra Éireann a thuarascáil bhliantúil don bhliain 1971 tamall ó shin. Cheana féin tháinig seo faoi ionsaí ar na daoine a thug futhu Bhí léachtóir le hEacnamaíocht as Coláiste na hOllscoile Gaillimh faoin mhoill a bhí i bhfoillsiú na tuarascáile.

I measc na bhfigiúirí suimiúla atá sa tuarascáil tá líon na ndaoine atá fostaite i gContae Dhún na nGall ag Gaeltarra Éireann agus ag comhlachtaí a bunaíodh lena chuidiú.

SEIRBHÍS GHAELIGE

I measc na nimeachtaí atá fógraithe don deireadh seachtaine, Deireadh Seachtaine Éigse Uladh, tá seirbhís as gaeilge. Beidh an tseirbhís ar maidin Dé Domhnaigh san Eaglais ar an Bhun Bheag. Sé an Canónach Cosslett Ó Cuinn a bheidh i mbun an tsearmanais agus tá súil le scaifte mór.

LEABHAR ÚR

Tháinig leabhar úr ar an mhargadh ar na mallaibh. "Gleams From The Stable" an t-ainm atá air. An tAthair Eoin Mac Diarmaid a scríobh cé go núsaidéann sé a ainm cleite Eugene Derwent ar an chúmhach. Tá an tAthair Mac Diarmaid ina shagart ag Pobal Arainn Mhór. Aistí simplí atá scríofa ag an údar agus iad bunaithe ar Theachtaireacht na Nollag. Tá an leabhar le ceannacht i siopaí na Rosann ar 60p.

Cuir do chuid éadaí chugainn a us beidh siad . . .

FIORGHLAN

Anagaire

Paddy Thadhg Mac Phaidin

Seirbhís Mini-Bus Oíche agus L á

Gaoth Dobhair agus Glascú

Dobhar

Guthán: An Bun Beag 34

Cúrsaí Spóirt



le LIAM MAC GAOTHÁIN

Bhuaidh Cláirsigh na Finne ar Ruagearaí Shligigh Dé Domhnaigh seo caite leis an Scór: Cláirsigh Na Finne 4, Ruagaraí Shligigh 1.

Chuaigh na Cláirsigh chun tosaigh i gcionn seacht mbomaite is fiche den chluiche, fríd Seosamh Ó Niocháil nuair a fuair sé a cheann le liathróid árd trasna na páirce ó E. De Blaca chun é a bhuaileadh isteach sa chúl. Bhí an pháirc ina mhúirt i rith an chluiche agus é ag cur flioch shneachta, rud a rinne imirt mhaith chór a bheith indéanta. Ach ba fhurast a fheiceál ón chéad fhídeag cé'n foireann a b'fhearr, ach fuair siad scanradh trí bhomaite isteach sa dara leath nuair a bhí an mí-ámh ar Antoin Ó Dochartaigh an liathróid a chur isteach ina chúl fhéin, d'fhág sin na foirne ar chomh scór.

SOCAIR

Roimhe leath ama bhí seans ag Sligeach cúl a fháil nuair a rinneadh feal ar Shéamus Ó Máirtín ceann dá gcuid tosaigh. Thug Séamus fhéin an pionas agus caidé de bharúil a rinne sé ach é a chur leathan. Bhí an imirt ag éirí anásta a fhaideacht a chuaigh an cluiche ach bhí na Cláirsigh i gcónaí ag bráth cúl a fháil agus fuair siad a luath saothair i seasca ceathair bomaite, nuair a chur Cathal Ó Fearraigh chun tosaigh iad. Chnag cúl báire Shligigh a liathróid amach taréis coirneál, sciob sé an liathróid isteach sa chúl le cúl breá a fháil. Deich mbomaite ón deireadh, fuair Séamus Mac Gabhainn an tríú cúl nuair a bhuaill sé a shean chéic ar an liathróid ó thrasna ua S. Ó Niocháil. Trí bhomaite ina dhiaidh sin fuair Mac Gabhainn cúl eile le buaidh maith a thabhairt dófa. Tá siad ins an dara áit i ndiaidh Port Lairge i Sraithchomórtas na hÉireann anois, agus sé chluiche eile le h-imirt acu.

ANAGAIRE 1.

LEITHBHEAR 0

Ní raibh a léithead fonn peile ar cheachtar do na foirne sin le cois gaath láidir a shéab trasna na páirce, cúl amháin ó phionas agus gheobhaidh tú pictiúr an chluiche seo a himircodh roimh scaifte maith daoine i Mullach Dearg Dé Domhnaigh seo caite.

Ó thosaigh Sraithchomórtas Dhún na nGall tá lámh an uachtar ag Anagaire ar Leithbhear agus is dóiche nach dearn siad an turas le móran muinín, ach shíl mé fhéin go raibh baint an chluiche seo acu, ach chaith siad an duine rud seansanach ar shiúl de bharr an droch chríochnú a bhí acu. Bhuaill siad an trasnán dhá uair ach níl sin ag rá nach raibh seansanaigh ag Anagaire fosta. Bhí a gcuid tosaigh ar nós chuma liom ag deanadh go raibh bua an chluiche acu ar scor ar bith. Fuair siad a gcúl ó phionas i gcionn 70 bomaite fríd Mhícheál Ó Searcaigh. Bhí dhá phointe ag Anagaire agus ní raibh morán ama ag Leithbhear scór a fháil ina dhiaidh sin.

"GAELTACHT"

Saothraigh airgead i do am saor ag díol "Gaeltacht." Ma tá tú abalta "Gaeltacht" a dhíol i do cheantar fhéin, scríobh chugainn fá choinne tuilleadh eolais:

Cló na Rosann,
Gaoth Dobhair,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.

RADHARC

NA nOILEANN Machaire an Chlochair

Earraí Grósaera, Milseógra

D. Ó BAOILL

Grosae Mace, Feoladóir.

AILT A' CHORÁN

Guthán: Na Dúnaibh 15, 46

Mac Nuadhait

BREIDIN LAMHFHITE

NA DUNAIBH, LEITIR CEANAINN,
CO. DHUN NA nGALL

Caithfidh Anagaire an turas a dhéanadh na gCealla Beaga Dé Dómhnaigh seo chugainn ach caithfidh siad bogadh suas ar an chruthú (performance) seo, ma tá siad ag súil le baint.

Foireann Anagaire: P. Mac Fhionnlaighe, Aodh Ó Forcair, D. Mac Lionnán, S. Ó Dubhtaigh, P. Ó Forcair, M. Ó Searcaigh, B. Mac Cuinn, E. Ó Dochartaigh, P. Ó Searcaigh, D. Ó Forcair, D. Mac Suibhne, Fear Ionad, S. Ó Baoill.

G.A.A.

Cuireadh ar ceal an cluiche tabhachtach in Iúir Chionn Trá idir Dhún na nGall agus An Dún Dé Domhnaigh seo caite, de bharr sneachta a bheith ar an pháirc imeartha. Beidh an cluiche imrigh ar an 11ú Márta agus mar a dúirt mé cheana féin cluiche an tabhachtach atá ann. Beidh na buarteoirí ag imirt sa chéad roinnt don Sraithchomórtas ar an bhliain seo chugainn, agus caithfidh an foireann eile fanacht sa dara roinnt bliain eile ar scor ar bith.

Anois teacht an nEarraí tá achan nduine ag smaoiniú ar laethe saoire an tSamhraidh, agus an aimsir mhaith.

Seo pairtí ag baint sult as teas na gréine anuraí ar picnic i Machaire Gáthlán.

Ins an chúl, ta Oileán Ghóla (Griangráf le buíochas o Mícheál S. Ó Gallchoir.)



A chlóbhualadh sa Ghaeltacht ag Cló na Rosann, Gaoth Dobhair.